# RABHADH

Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna**.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo

| |
|---|
| |

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007**

## TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go 3.30**

**N.B. TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH.**




THALL →

**ROINN 1 (60 MARC)**
Ní mór **GACH** ceist a fhreagairt.
Tá rogha agat **LAISTIGH de 4 cheist**.
Déan deimhin den fhillteán seo a thabhairt ar ais
in éineacht le do fhreagarleabhar.
Mura ndéanfaidh tú sin, caillfidh tú marcanna

## 1. An Domhan á chumadh – Screamh an Domhain

Cuir na litreacha **A, B** agus **C** sna boscaí cearta chun na codanna difriúla den domhan, a thaispeántar sa léaráid, a shainaithint.





Maintlín ☐

Croí ☐

Screamh ☐

## 2. Gnéithe Dromchla

Sainaithin i gceart an ghné a thaispeántar sa léaráid seo.




Pluais ☐


Clár tonnghearrtha ☐

Eas ☐

Staic ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 3. Síonchaitheamh





Sa léaráid seo taispeántar sampla

de shíonchaitheamh ceimiceach ☐

de shíonchaitheamh meicniúil ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 4. Bolcáin



San fhótagraf seo taispeántar brúchtadh bolcánach. Is é a thugtar ar an ábhar **a shreabhann** ón mbolcán ná:

Laibhe ☐

Scileach ☐

Moiréan ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**5.** **<u>Carraigeacha</u>**

Sa léaráid seo taispeántar Colúin Bhasailt ag Clochán na bhFomhórach i gCo. Aontroma. Cén cineál carraige é Basalt?



Carraig Dhríodair ☐

Bruthcharraig ☐

Carraig Mheiteamorfach ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**6.** **An <u>Chruinneog</u>**

Déan staidéar ar an léaráid seo. Is é a thugtar ar na línte a ritheann ón **Oirthear** go dtí an t**Iarthar** ar an gcruinneog ná:


Línte domhanleithid ☐

Imlínte comhairde ☐

Línte domhanfhaid ☐

Iseabair (línte comhbhrú) ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]



**7.** Freagair **7A NÓ 7B**


**7A** **<u>Gnéithe Cósta</u>**

Cuir na litreacha **A, B** agus **C** sna boscaí cearta chun na gnéithe den chreimeadh cósta, a thaispeántar sa léaráid, a shainaithint:

Áirse ☐

Pluais ☐

Staic ☐




**<u>NÓ</u>**

**7B** An t**<u>Oighriúchán</u>**

Is le hoighearchreimeadh a chruthaítear an ghné a thaispeántar sa léaráid.

Is é a thugtar air ná:


Eiscir ☐

Loch Ribíneach ☐

Coire nó Soirc ☐

Droimnín ☐


[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]




 **THALL →**

**8.** Freagair **8A NÓ 8B**

**8A** **<u>Léarscáil aimsire</u>**




Sa léarscáil aimsire seo taispeántar lagrach os cionn na hÉireann agus na Breataine. Is é brú an iseabair (líne chomhbhrú) a bhfuil an lipéad **A** air ná:

976 hPa ☐

980 hPa ☐

984 hPa ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**<u>NÓ</u>**

**8B** **<u>Léarscáil aimsire</u>**

Déan staidéar ar an léarscáil aimsire thuas. Seasann an líne [ ] a bhfuil an lipéad **B** air dó seo:

Fronta te ☐

Fronta fuar ☐


Comhrianta ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**9.** Freagair **9A NÓ 9B**

**9A** **Treo**

Dá mbeifeá ag taisteal ó Leitir Ceannainn go Baile Átha Cliath, cén **treo** a mbeifeá ag taisteal?




Ón Thiar Thuaidh go dtí an Thiar Theas ☐

Ón Thiar Thuaidh go dtí an Thoir Theas ☐


Ón Thoir Thuaidh go dtí an Thoir Theas ☐

Ón Tuaisceart go dtí an Deisceart ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**NÓ**

**9B** **Plandáil Uladh**



Is sampla í **Plandáil Uladh**:

d'imirce ag daoine aonair ☐


d'imirce eagraithe ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**10.** Freagair **10A NÓ 10B**

**10A <u>Fás an Daonra</u>**

Déan staidéar ar an ngraf thíos.




Ó 1950 i leith tá daonra an domhain tar éis a bheith:

Ag méadú go tapa ☐

Ag laghdú go tapa ☐

Ag méadú go mall ☐

Ag fanacht mar an gcéanna ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## <u>NÓ</u>

**10B <u>Dlús daonra</u>**

Is é atá i gceist le dlús daonra ná:

Líon iomlán na ndaoine i dtír ☐


Meánlíon na ndaoine in aghaidh an chiliméadair chearnaigh ☐

An tslí a bhfuil an daonra leata amach ☐

Gluaiseacht na ndaoine ó áit go háit ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**11.** **<u>Cineálacha Aeráide</u>**




Is é an cineál aeráide atá sa limistéar scáthlínithe (a bhfuil **A** air) ná:  ná:

Aeráid Fhionnuar Mheasartha Aigéanach ☐

Aeráid Mheánmhuirí ☐

Aeráid Thuaisceartach ☐

Aeráid Fhásaigh The ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**12.** **<u>Feidhm</u>**

Sa lá inniu is é **príomhfheidhm** Rotterdam ag béal abhainn na Réine ná:

Cosaint ☐

Calafort ☐


Reiligiúnach / Eaglasta ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

## 13. Suímh ar léarscáil sráide

Sa léarscáil seo taispeántar Cathair Luimnigh.

T ↑




Féach ar an léarscáil thuas agus ansin cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart **i ngach ceann** de na ráitis thíos.

Sa taobh **thuaidh** den cheantar, taispeánann *King John's Castle / Garryowen Castle* go raibh feidhm chosanta ag Luimneach san am atá thart.

Is sampla d'fheidhm chaitheamh aimsire é *O'Briens Park / Limerick Boat Club* sa taobh **thoir thuaidh** den cheantar.

Ar imeall **theas** na léarscáile, is fianaise é *Thomond / Colbert Station* d'fheidhm iompair.

14. **Tíreolaíocht Uirbeach**

Tógadh an fótagraf seo le ceamara faireacháin tráchta. Tabhair faoi deara an t-am, 18.35 (6.35 p.m.). An bhfuil an trácht ar thaobh clé an dhébhealaigh:

Ag fágáil na cathrach? ☐

Ag dul isteach sa chathair? ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]




15. **Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha**

Cé acu ceann de na ráitis seo a leanas atá **FÍOR**?

Is acmhainn neamh-inathnuaite é an t-uisce ☐

Is acmhainn inathnuaite iad na bradáin ☐


Is acmhainn inathnuaite í an mhóin ☐

Is acmhainn inathnuaite í an ola ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**16.** **Léaráidí Staitistice**

Sa phíchairt seo taispeántar na céatadáin de 5 bharr in Éirinn in 2005.




*Foinse: In oiriúint ó "Ceantar, Táirgeacht agus Táirgeadh Barra Roghnaithe 2005" www.cso.ie*

Céard é céatadán na heorna in Éirinn in 2005?

36% ☐

13% ☐


10% ☐

6% ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**17.** **<u>Staidéir Shuirbhéireacht Ordanáis</u>**

Féach go cúramach ar an íomhá thríthoiseach (3T) de shliocht as léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis. Ar an íomhá seo agus ar gach léarscáil S.0. tá **línte** a thaispeánann **airde**. Cad a thugtar ar na línte seo?




Comhrianta ☐

Isihiaití ☐

Iseabair ☐

Línte eangaí ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**18.** **<u>Tagairtí Eangaí</u>**

Féach ar an léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo. Is é an ghné Stairiúil ag tagairt eangaí **0 137 748** ná:

Reilig ☐

Mullóg ☐

Caisleán ☐

Tobar Beannaithe ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**19.** **<u>An Domhan i mBéal Forbartha</u>**

Cé acu tráchtearra díobh seo a leanas is dóichí a ndéanfaí a onnmhairiú **as** an <u>domhan i mbéal forbartha</u> **go dtí** an <u>domhan forbartha</u>?

Pónairí caife ☐


Ríomhairí ☐

Trealamh míleata ☐

Fóin phóca ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

**20.** **<u>Luachanna Talún sna Cathracha</u>**




Cad a deir an léaráid seo linn faoi luachanna talún?

Laghdaíonn luachanna talún i dtreo lár na cathrach ☐

Méadaíonn luachanna talún i dtreo lár na cathrach ☐

Ní athraíonn luachanna talún i dtreo lár na cathrach ☐

[cuir tic ✓ sa bhosca ceart]

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán